Mór ar bfearg riot, a rí Saxan

[Bergin, Osborn: *Irish Bardic Poetry*, Dublin, 1970, poem 17]

Gofraidh Fionn Ó Dálaigh .cc.

1 Mór ar bfearg riot, a rí Saxan,
a sé a dhamhna,
do-raduis, ger mhór a meanma,
brón for Bhanbha.

2 Ma a leannán d'fosdadh na hégmais,
d'uaim le mór-rath,
inis Éirionn an gheal ghrianach,
as bean bhrónach.

3 Fuar iompa inntinn mo chridhe,
cruaidh an cosnamh,
gén gur b'eagail do shearg Shaxan
mh'fhearg is mh'osnadh.

4 Tré chuairt Mhuiris mhic an iarla
a n-égmais Bhanbha,
ní théid a bhrón dí ná a dhiomdha,
mor dí a dhamhna.

5 Brón ar éicsibh innsi Fódla
's ar a bfionnmhnáibh,
ó do fhághuibh dún geal Gabhráin
fear úr Iomdháin.

6 Ón ló do ghluais mac mic Thomáis
an táoibh leabhair,
- gan féchain siar acht súil soirin
dhúinn 'na dheaghaidh.

7 Nó go bfaiciom seól Sior Muiris
do mhuin chnairre,
mé ag féchain ar lucht gach luingi
d'ucht gach aille.

8 Iongnadh dhúinn reacht ré rígh Saxan
na slógh meanmnach,
tré bheith aigi go mear muirnioch
don gheal ghreadhnach.

9 Dalta rígh Saxan Sior Muiris,
maith a chaomhna,
trén ina mhúr mac an iarla,

slat úr aobhdha.

l0 Ní hiongnadh d’feabhas a mhúinte
- maith dá ndingne,
ní hiongnadh le méd a mhuirni
éd ré a inmhe.

11 Áoibnios Saxan, sáorchuairt Éirionn,
’gá fhult niamhda
fear fá mbia deinmni gach díorma,
eigre an iarla.

l2 Lé a oide, lé hairdrígh Saxan,
siobhal díoghainn,
téid isan bFraingc n-ealaigh n-áloinn
bfleadhaigh bfíonduinn.

13 Sgéla na Fraingce, fios Saxan,
suairc an comhrádh,
do-gébhthor ’gan ghasda ghealmhór,
bhlasda bonnbhán.

14 Buidhioch inn dá oide múinte,
múnadh thaisgios,
’sas diomdhach mé dá fhod fhosdus
an bog baisdeas.

15 Fuair buaidh gcéille is gcrotha is gconáigh
ceann an fhionnshlóigh
gá ttám acht do-fhuair gach iolbhuaidh
go mbuaidh mbionnghlóir

16 Nocho ttabhar a gheall gaisgidh,
ná a gheall gáoisi,
ná geall a dheilbhe ná dhuaisi,
d’eighre a áoisi.

17 Treisi fá rath, rath go gconách,
croidhe adhnáir,
ciall dá choimhéd,
ciabh na bfoighég arna bfaghbháil.

lS A aimhlios an uair do-níthear,
do-ní a dhearbhadh
an fód tegaimh fá a bhonn bairrgheal
don donn dhealbhghlan

19 Na hairdrionnaigh agá fhaisnéis
dá fhult ngéigfhiar

d’fior a anbhraith
cion ar an ardfhlaith as égciall.

20 Lugh Lámhfada leithéid Muiris,
mhóras dámha,
comhmór bfeasa an conchlann cródha,
comhthrom gcána.

21 A n-áois Muiris mic an iarla
do fhóir Banbha,
dá ttug leagadh d’fhine Fhomhra
bile Bladhma.

22 Tadhbhas do Lugh, leannán Teamhra,
thoir a nEamhain,
dá ránaig sé ar súr gach domhain,
múr Té Teamhair.

23 Dúnta an chathair ar cionn Logha,
láoch ro thoghsom,
téid gusan múr sleamhain slioschorr,
beanaidh baschrann.

24 Ar an doirseóir ris an deaghlaoch,
fá doirbh ruaigfhearg,
cáit as a ttig an fear áith ógard
bláith geal gruaiddearg.

25 Ris an doirseóir adubhairt Lugh,
nár loc iomghuin
file meisi a hEmhaim abhlaigh
ealaigh iobhraigh.

26 Nocha dhlighi, ar doirseóir Teamhra,
tocht diar ndaighthigh,
atá fear réd cheird san chathraigh,
a dheirg dhaithghil.

27 Teach Miodhchuarta ag macuibh Eithlionn
um an am-soin
tréidhe an tighe fheactha fhinn-sin,
teactha tharrsaibh.

28 Do thréidhibh Thighe Miodhchuarta,
as mín críochbhuird
nach léigthior dís inn re háoincheird,
a fhinn fhíochbhuirb.

29 D’iomat ceard ag Tuaith Dé Danann,

dháilios bruta,
ceird ar nach bfuil aithne aca,
caithfe chuca.

30 As dum cheardaibh,
ná ceil is tigh a ttá an bhuidhion,
léim ar bhailg is gan a bloghadh,
tairg dá thuireamh.

31 Snámh ós éttreóir,
iomchor dabcha ar drumuibh uillionn,
atá dhá cheird ar mo chumhang,
eirg dá fhuighioll.

32 Fiafraigh an bfail fear a ndénmha
don druing neamhlaig,
riagh éineich san bfaithchi bfionnbhuig,
graifne gheallmaid.

33 Atá sonn d’iomurcaidh orra,
an uiriod tuirbim,
’s ni fhuil ina gceird mo choimhghrinn,
ní d’feirg fhuighlim.

34 Ar gcluinsi ar chan an macáomh,
mór a thairmséin,
d’agallaimh Thuath Dé don doirseóir
luath é ainnséin.

35 Fear san doras, ar an doirseóir,
rén doirbh coimeas,
atá an uile cheard ar a chommus,
an dearg doinndeas.

36 Damadh é Lugh, leannán Fódla
na bfonn sriobhfann,
do bheith ann, ar Tuath Dé Danann,
dob e a ionam.

37 Geall n-égaisg ón fhior san doras,
damhna leisgi,
nocha ndearnadh d’úir ná d’uisgi,
dúil dán dleisdi.

38 A tháobh, a aghaidh, a earla,
eochair thogha,
triar ar snuadh áoil agus umha
agus fhola.

39 Binni a theanga iná téda meannchrot,
agá míndeilbh
ón sádhail suan,
a lámhaibh suadh agá sírsheinm.

40 Asé sin, ar sluagh na cathrach,
ar gceann báidhe,
aonmhac Eithni,
saorshlat ar nach beirthi báire.

41 Brosdaighthear, ar Tuath Dé Danann,
doirseóir Teamhra,
d’ionnsoighi na cráoibhe cubhra,
áoidhe Eamhna.

42 Mása thú an t-Ioldánach oirrdearc
an airm ghlaisgéir,
as mo chean duid, ar an doirseóir,
a bhuig bhaisréidh.

43 Tair san dúnadh, ol an doirseóir,
Dia do bheatha.
Ac, ná hosluig,
ar an tslat lér cosnaid creacha.

44 Teamhair Airt go héirghi gréini,
geis don dúnadh
oslugadh an dúin do dhénamh,
arná dhúnadh.

45 Nír mhill geasa ghrianáin Teamhra
an teaghlaigh airmdheirg,
tug céim ar gcúl,
rug léim isan mhúr don mhaighleirg.

46 Ní bhrisfeadh ar bhailg ós abhainn,
d’aighthibh ógbhonn,
léim áith éttrom
a dhá ghégbhonn réidh mbláith mbrógdhonn.

47 Mar sin táinic go Teagh Miodhchuart
na múr ngreadhnach,
dár fhóir a fholt gleannach gabhlach
teallach Teamhrach.

48 Aithghin Logha nó Lugh a-rís,
go ráith Luimnigh,
a thréidhi acht gan teacht go Teamhraigh,
ceart ro chuimhnigh.

49 Cosmhail cuairt Logha ó lios Eamhna
d’fhoghluim ghairggníomh,
as cuairt Muiris go lios Lonndún,
d’fios an airdríogh.

50 Comhachta mheic Lir is Logha
ag leannán Manann,
cian uatha é
’sa dhiall ré Tuatha Dé Danann.

51 Mac Eibilín, airgnioch Gaoidhiol,
gearr go ttora,
dár gcabhair tar mearthuinn mhara,
leathchuing Logha.

52 Ag deaghoil Éirionn re hurchra
da fholt cloidhfhionn
ar Lugh ’s ar Thuath Dé Danann
é ’s a fhoirionn.

53 Do líonadh a los a athar
as úr méine,
an dá oilén arda uaine,
Alba is Éire.

54 Cuimhnigheadh céimionna a athar
as úr deighshén,
as amhlaidh as cóir gach coilén,
mar a cheinél.

55 Tiomna do fhháguibh a athair
ga fholt cráobhnocht,
a rath ’sa ainm is a iarlacht
is a áobhdhacht.

50 Biaidh, madh aithreamhail a aigneadh,
dá fhios téidsi,
tuilleadh buidhe an iarla óigsi
ris an eigsi.

57 Ná grádoigheadh mac meic Gearailt
na nglac saoirdheas,
go ttuga ucht na slógh siairdheas,
ól ná áoibhneas.

58 Fuilngeadh ag fóirithin Banbha
da bharr taistiogh
siobhal mara aidhbhle as uisgeadh

ainmni is aisdear.

59 Mumha í Luighdioch ná léigeadh,
gomadh leis féine
an fonn úr uaine,
Guaire shúl gcorr ara cheili.

60 Iarla óg Deasmhumhan dlighidh
díon na ttrumshlógh
tugsat do ghéig Ruidhe roghrádh
uile d’urmhór.